**RABHADH**
**Caithfidh tú an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**
**Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Iomlán na Marcanna

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2001

# EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| CEIST | | MARC |
|---|---|---|
| Roinn A (Iomlán) | | |
| | | |
| Roinn B | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | 4 | |
| | 5 | |
| | 6 | |
| **IOMLÁN** | ➔ | |
| **GRÁD** | ➔ | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc
   Freagair (fiche) 20 ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna ar fad sna spásanna atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair (ceithre) 4 cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# ROINN A
# 80 marc

**Freagair 20 (fiche) de na ceisteanna seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Ainmnigh **dhá** bhia ar foinsí maithe de shnáithín cothaitheach iad.

**(i)** ______________________________ **(ii)** ______________________________

**2.** Mol **ceithre** bhealach le **hiontógáil salainn** san aiste bia a laghdú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**3.** Mol buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le griolladh mar mhodh chun bia a chócaráil.

**Buntáiste**______________________________

______________________________

**Míbhuntáiste**______________________________

______________________________

**4.** Liostaigh **trí** bhealach a dtéann cócaráil i bhfeidhm ar iasc.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**5.** Ainmnigh **dhá** ghníomhaí ardúcháin a úsáidtear i mbácáil agus mol úsáid éagsúil a bhainfeá as **gach ceann** díobh.

| GNÍOMHAÍ ARDÚCHÁIN | ÚSÁID |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**6.** Ainmnigh na codanna den chóras díleách atá lipéadaithe le



A, B, agus C.

A ______________________________

B ______________________________

C ______________________________

**7.** Liostaigh **<u>ceithre</u>** bhealach a mbaineann ollmhargaí úsáid astu chun an tomhaltóir a spreagadh le níos mó earraí a cheannach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**8.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** chineál creidmheasa atá ar fáil ag tomhaltóir.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**9.** Tabhair feidhm **<u>amháin</u>** atá ag an Stiúrthóir Ghnóthaí Tomhaltóirí agus Cóirthrádála.

______________________________

______________________________

______________________________

**10.** Cén t-eolas a thugann an tsiombail seo don tomhaltóir?

______________________________

______________________________

______________________________



**11.** Liostaigh **<u>ceithre</u>** bhealach a dtéann mí-úsáid fhadteármach alcóil i bhfeidhm ar an gcorp.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**12.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** orgán eisfheartha atá sa chorp.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**13.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **steiréitíopa**______________________________

________________________________________

**(ii)** **piaraghrúpa**______________________________

________________________________________

**14.** Cén fheidhm atá ag haemaglóibin sna fuilchealla dearga?____________________

________________________________________

________________________________________

**15.** Ainmnigh cineál éagsúil inslithe a bheadh oiriúnach do **gach ceann** de na háiteanna seo a leanas sa teach:

| ÁIT SA TEACH | CINEÁL INSLITHE |
|---|---|
| **(i)** Áiléar | **(i)** |
| **(ii)** Sorcóir uisce the | **(ii)** |
| **(iii)** Ballaí | **(iii)** |
| **(iv)** Fuinneoga | **(iv)** |

**16.** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba chóir a leanúint agus leagan amach na cistine á phleanáil agat.

**(i)** ____________________________________

**(ii)** ____________________________________

**(iii)** ____________________________________

**(iv)** ____________________________________

**17.** Mínigh an téarma ***in-bhithmhillte***____________________________

________________________________________

________________________________________

**18.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Dlúthshoilse Fluaraiseacha (CFLanna) a úsáid sa teach.

**(i)** ____________________________________

**(ii)** ____________________________________

**19.** Tá ceimiceáin ar a dtugtar ____________________ i nglantach bitheolaíoch agus dianscaoileann siad sin (briseann siad anuas) smáil phróitéine i bhfabraicí le linn níocháin.

**20.** Tabhair **dhá** shampla de shnáithíní saorga atá **i ngach ceann** de na ranganna seo a leanas:

| **RANGÚ SNÁITHÍNÍ SAORGA** | |
|---|---|
| **SINTÉISEACH** | **ATHGHINTE** |
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**21.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí faisin seo a leanas:


**(i)** **haute couture** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** **prêt-à-porter** ______________________________________________


______________________________________________

**22.** Mínigh cad a chuireann **gach ceann** de na siombailí seo a leanas a bhaineann le cúram fabraicí in iúl:




______________________________________________

______________________________________________



______________________________________________

______________________________________________

**23.** Liostaigh **ceithre** airí teicstíle atá inmhianaithe i gcomhair éadaí do pháistí.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________


**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**24.** Ainmnigh an ghreim a thaispeántar sa léaráid agus luaigh úsáid **amháin** a bhaintear aisti.

Ainm ______________________________

Úsáid ______________________________

______________________________



S39T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2001

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

### TREORACHA

Freagair **CEITHRE** (4) cheist ón roinn seo;
tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN B

**220 marc**

**1.**

| **CÁIS** | PRÓITÉIN | SAILL | CARBAIHIODRÁIT | MIANRAÍ | VITIMÍNÍ | UISCE |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CÉADAR** | 27% | 33% | 0% | 4% Cailciam | A + B | 34% |
| **CÁIS BHAILE** | 15% | 4% | 4% | 1% Cailciam | A + B | 77% |

**(a)** **(i)** Agus úsáid á baint as an eolas cothaitheach sa tábla thuas, cuir in iúl cén cineál cáise is oiriúnaí **(i)** do dhuine fásta atá ar aiste bia le cion íseal colaistéaróil **agus**

**(ii)** do dhéagóir fuinniúil.

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis le do rogha **i ngach** cás díobh.

**(b)** Agus úsáid á baint as **ceann amháin** de na cáiseanna atá ainmnithe sa tábla, leag amach scroid chothromaithe a bheadh oiriúnach mar lón pacáilte.

**(c)** Rangaigh cáiseanna agus tabhair sampla **amháin i ngach** rang díobh.

**(d)** Breacrianaigh na céimeanna a leantar chun cáis a dhéanamh.

**(e)** Mínigh an téarma ***'au gratin'***.

**2.** Is modh é an reo chun bia a leasú.

**(a)** Mínigh an chaoi a leasaíonn reo bia.

**(b)** Tabhair **trí** bhuntásite a bhaineann le reoiteoir a úsáid.

**(c)** Déan comparáid idir glasraí ***reoite*** agus glasraí ***stánaithe*** faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas: **(i)** luach cothaithe **agus** **(ii)** dath, blas, uigeacht.

**(d)** Cad iad na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn bia reoite **(i)** á cheannach agus **(ii)** á leá?

**(e)** Cén fáth **nár** chóir duit bia leáite a athreo?

**3.** Cuireann costas pacáistíochta le bille siopadóireachta na seachtaine do thomaltóirí.

**(a)** Tabhair **ceithre** chúis faoi go bhfuil gá le hearraí a phacáistiú.


**(b)** Cad iad na tréithe a bhaineann le pacáistíocht mhaith?

**(c)** Liostaigh **trí** chineál pacáistíochta agus mol úsáid éagsúil do **gach ceann** díobh.

**(d)** Liostaigh **cúig** mhír eolais a mbeifeá ag súil lena bhfáil ar lipéid earraí pacáistithe.

**(e)** Tabhair **ceithre** mhíbhuntáiste a bhaineann le ró-phacáistíocht.

**4.** **(a)** Taispeánann an léaráid seo buanfhiacla an duine fhásta.




**(i)** Ainmnigh na cineálacha buanfhiacla atá lipéadaithe le A, B, C agus D.

**(ii)** Luaigh feidhm **<u>amháin</u>** atá ag **<u>gach</u>** cineál.

**(b)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le fiacla sláintiúla.

**(c)** Déan cur síos ar an mbaint atá ag plaic le meath na bhfiacla.

**(d)** Cad iad na buntásití a bhaineann le **<u>gach ceann</u>** de na táirgí sláinteachais béil seo a leanas a úsáid?

**(i)** sruthlú béil antaiseipteach;
**(ii)** taos fiacla fluaraíde;
**(iii)** flas fiacla.

**5.** Cabhraíonn teach atá glan agus sláinteach le beatha shláintiúil.

**(a)** Tabhair **<u>ceithre</u>** threoirlíne atá riachtanach le caighdeán ard sláinteachais a chinntiú sa teach.

**(b)** Pleanáil gnáthamh simplí laethúil a chabhródh le déagóir a mbeadh plúchadh air/uirthi, caighdeán ard sláinteachais a choinneáil ina s(h)eomra codlata.

**(c)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** thoisc ba chóir a chur san áireamh agus ábhair ghlantacháin tí á roghnú agus á n-úsáid agat.

**(d)** Tabhair **<u>ceithre</u>** riail ba chóir a leanúint agus ábhair ghlantacháin á stóráil sa teach agat.

**(e)** Déan sceitse de shiombail chontúirte **<u>amháin</u>** le cur in iúl go bhfuil táirge:
**(i)** an-inlasta; **<u>nó</u>** **(ii)** tocsaineach; **<u>nó</u>** **(iii)** dochrach agus greannaitheach.

**6.** **(a)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** thoisc ba chóir don tomhaltóir a chur san áireamh agus inneall fuála á cheannach le húsáid sa bhaile.

**(b)** Liostaigh **<u>cúig</u>** threoirlíne ba chóir a leanúint agus inneall fuála á úsáid agat.

**(c)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** ghreim innill agus mol úsáid **<u>amháin</u>** do **<u>gach</u>** greim díobh.

**(d)** Tabhair cúis **<u>amháin</u>** a d'fhéadfadh a bheith le **<u>gach ceann</u>** de na lochtanna innill seo a leanas:

**(i)** briseadh snátha;
**(ii)** greamanna lúbacha;
**(iii)** briseadh snáthaide.